Beatha Teanga

Pobal na Gaeilge Lasmuigh de Gheataí na Scoile

Roinnt spreagcheisteanna: **Pobal na Gaeilge Lasmuigh de Gheataí na Scoile**

An bhfuil grúpaí / eagraíochtaí Gaeilge sa cheantar áitiúil?

An bhfuil eagraíocht pleanála teanga sa cheantar? An bhfuil ceangal idir é agus an scoil?

Cén tionchar atá ag pobal na Gaeilge lasmuigh de gheataí na scoile ar theanga an tsóisialaithe sa scoil?

An bhfuil ról ag an scoil i gcur chun cinn na teanga sa phobal áitiúil? Cén fáth?

An mbeadh nasc leis an bpobal Gaeilge sa cheantar ina leas do theanga an tsóisialaithe sa scoil?

Cad is féidir le pobal na Gaeilge lasmuigh de gheataí na scoile a dhéanamh chun an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe a spreagadh?

Cén ról atá ag an scoil i stádas na Gaeilge sa cheantar? An bhfuil sé inmhianta go mbeadh ról ag an scoil? Conas?

Cé ar a bhfuil an fhreagracht as teanga an tsóisialaithe lasmuigh de gheataí na scoile?

Roinnt spreagsmaointe: **Pobal na Gaeilge Lasmuigh de Gheataí na Scoile**

1

Go nglacfar páirt in imeachtaí agus i gcomórtais lasmuigh den scoil a spreagfaidh suim na ndaltaí i ngnáthúsáid na teanga.

2

Go ndéanfaí cuairteanna chuig an nGaeltacht a eagrú nó malartú daltaí a dhéanamh idir scoileanna laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht.

3

Go ndéanfaí tograí teanga trína n-iarrfaí ar dhaltaí agallaimh a dhéanamh le sárchainteoirí, obair bhaile ag bailiú eolais ó sheantuismitheoirí, srl.

4

Go gcothófaí nasc le grúpaí óige sa phobal chun labhairt shóisialta na teanga a chur chun cinn i dteannta a chéile

5

Go ndéanfar nasc a chruthú agus a chothú le naíonraí, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna máguaird atá ag feidhmiú trí Ghaeilge chun pobal beag de Ghaeilgeoirí a chothú agus stádas sóisialta a bhronnadh ar an teanga.

6

Go gcruthófaí nasc idir an scoil agus an líonra Gaeilge áitiúil nó an eagraíocht pleanála teanga áitiúil más ann dóibh.



6

Turais/cuairteanna a eagrú le páistí eile sa scoil taobh amuigh d'am scoile agus iad a mhealladh chun Gaeilge a úsáid. Tá sé tábhachtach go gcloisfeadh na páistí Gaeilge in úsáid mar theanga taobh amuigh de gheataí na scoile.

9

Go gcothófaí nasc le clubanna óige/drámaíocht/spraoi/ spóirt lasmuigh den scoil.



7

Go dtabharfaí cuireadh do dhaoine ón bpobal a bhfuil baint acu le saol na Gaeilge teacht isteach agus caint spreagúil a thabhairt do dhaltaí

8

Go gcothófaí nasc láidir idir na daltaí agus sárchainteoirí ón bpobal, iad a thabhairt isteach chun am sóisialta a chaitheamh leis na daltaí.

Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-

Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.